Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11658/22**
**ADD 1**

**DENLEG 61**
**FOOD 50**
**SAN 477**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D082175/3 IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil substaintí sárfhluarailcile in earraí bia áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D082175/3 IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: D082175/3 IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/11183/2018 ANNEX Rev. 2
(POOL/E2/2018/11183/11183R2-EN
ANNEX.docx)     D082175/03
[…](2022) XXX draft

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil substaintí sárfhluarailcile in earraí bia áirithe**

**IARSCRÍBHINN**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006, cuirtear an roinn seo a leanas leis:

'Roinn... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir roinne nua ag deireadh na hIarscríbhinne*]: Substaintí sárfhluarailcile

| | | Uasleibhéil fliuchmheáchan µg/kg | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Earraí bia** [(1)] | | PFOS* | PFOA* | PFNA* | PFHxS* | Suim PFOS, PFOA, PFNA agus PFHxS*, ** |
| X.1 | Uibheacha | 1.0 | 0.30 | 0.70 | 0.30 | 1.7 |
| X.2 | Táirgí iascaigh[26] agus moilisc dhébhlaoscacha [26] | | | | | |
| X.2.1 | Feoil éisc[24, 25] | | | | | |
| X.2.1.1 | Feoil mhatánach éisc, seachas na cinn sin a liostaítear faoi X.2.1.2 agus X.2.1.3.<br><br>Feoil mhatánach éisc a liostaítear in X.2.1.2 agus X.2.1.3, i gcás ina bhfuil sé beartaithe iad a úsáid chun bia a tháirgeadh do naíonáin agus do leanaí óga. | 2.0 | 0.20 | 0.50 | 0.20 | 2.0 |
| X.2.1.2 | Feoil mhatánach ó na héisc seo a leanas, i gcás nach bhfuil sé beartaithe iad a úsáid chun bia a tháirgeadh do naíonáin agus do leanaí óga:<br>Scadán Mhuir Bhailt (*Clupea harengus membras*)<br>Tuinnín beag (speicis *Sarda* agus *Orcynopsis* )<br>Lota (*Lota lota*)<br>Salán Eorpach (*Sprattus sprattus*)<br>Leith (*Platichthys flesus* agus *Glyptocephalus cynoglossus*)<br>Milléad liath (*Mugil cephalus*)<br>Bolmán *(Trachurus trachurus)*<br>Liús (speiceas *Esox*)<br>Leathóg (speicis *Pleuronectes* agus *Lepidopsetta*)<br>Sairdín agus pilséar (speiceas *Sardina*) | 7.0 | 1.0 | 2.5 | 0.20 | 8.0 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Doingean mara (speiceas *Dicentrarchus*)<br>Cat mara (speicis *Silurus* agus *Pangasius*)<br>Loimpre mhara (*Petromyzon marinus*)<br>Cúramán *(Tinca tinca)*<br>Pollán (*Coregonus albula* agus *Coregonus vandesius*)<br>Iasc lonrach airgid *(Phosichthys argenteus)*<br>Bradán fiáin agus breac fiáin (speicis *Salmo agus Oncorhynchus* fiáin)<br>Cat mara (*speiceas Anarhichas)* | | | | | |
| X.2.1.3 | Feoil mhatánach ó na héisc seo a leanas, i gcás nach bhfuil sé beartaithe iad a úsáid chun bia a tháirgeadh do naíonáin agus do leanaí óga:<br><br>Ainseabhaí (*speiceas Engraulis*)<br>Barbal (*Barbus barbus*)<br>Bran (*speiceas Abramis*)<br>Ruabhreac (*speiceas Salvelinus*)<br>Eascann (*speiceas Anguilla*)<br>Liúsphéirse (*speiceas Sander*)<br>Péirse (*Perca fluviatilis*)<br>Róiste (*Rutilus rutilus*)<br>Smealt (*speiceas Osmerus*)<br>Iasc geal (*speiceas Coregonus*) | 35 | 8.0 | 8.0 | 1.5 | 45 |
| X.2.2 | Crústaigh[26, 47] agus moilisc dhébhlaoscacha.[26]<br><br>Bainfidh an t-uasleibhéal crústaigh le feoil mhatánach ó ghéagáin agus bolg[44]. I gcás portán agus crústach phortáin (Brachyura agus Anomura) feoil mhatánach ó ghéagáin. | 3.0 | 0.70 | 1.0 | 1.5 | 5.0 |
| X.3 | Feoil agus scairteach inite[6] | | | | | |
| X.3.1 | Feoil ó bhó-ainmhithe, ó mhuca agus ó éanlaith chlóis | 0.30 | 0.80 | 0.20 | 0.20 | 1.3 |
| X.3.2 | Feoil ó chaoirigh | 1.0 | 0.20 | 0.20 | 0.20 | 1.6 |
| X.3.3 | Scairteach ó bhó-ainmhithe, ó chaoirigh, ó mhuca agus ó éanlaith clóis | 6.0 | 0.70 | 0.40 | 0.50 | 8.0 |
| X.3.4 | Feoil ó ainmhithe géim, cé is moite d'fheoil ó bhéir | 5.0 | 3.5 | 1.5 | 0.60 | 9.0 |
| X.3.5 | Scairteach ó ainmhithe géim, cé is moite de scairteach ó bhéir | 50 | 25 | 45 | 3.0 | 50 |

* *Tá feidhm ag an uasleibhéal maidir le suim na steiré-isiméir líneacha agus brainseacha, bíodh siad deighilte go crómatagrafach nó ná bíodh.*

** *I gcás shuim PFOS, PFOA, PFNA agus PFHxS, déantar tiúchain cuimse íochtair a ríomh ar an toimhde gur nialas na luachanna uile atá faoi bhun na teorann cainníochtaithe.*